Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13893/20**

**ENER 487**
**RECH 512**
**IND 264**
**CLIMA 341**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13699/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Eorpach i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus fuinneamh inathnuaite eile a chothú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, an leagan deiridh de na Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Eorpach i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus fuinneamh inathnuaite eile a chothú, mar a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh é trí nós imeachta i scríbhinn an 11 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

Conclúidí ón gComhairle maidir le

**comhar Eorpach i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus fuinneamh inathnuaite eile a chothú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS

1.1. thacaigh an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019 (EUCO 29/19) leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras;

1.2. shainaithin an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) sna conclúidí uaithi maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh an 25 Meitheamh 2019 (10592/19) forleathadh céimneach an fhuinnimh inathnuaite agus é a chomhtháthú san eangach, chomh maith le hidirnaisc leictreachais trasteorann a fhorbairt, mar phríomheilimintí den chóras fuinnimh a bheidh ann amach anseo, agus gur sainaithníodh eangacha agus moil leictreachais amach ón gcósta mar cheann de na tosaíochtaí maidir le bonneagar fuinnimh;

1.3. thug an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) dá haire sna conclúidí uaithi maidir leis an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 in earnáil fuinnimh an Aontais – an bóthar i dtreo téarnaimh an 25 Meitheamh 2020 (9133/20) – go mbeidh infheistíochtaí ag teastáil ó earnáil an fhuinnimh, go háirithe i bhfuinneamh inathnuaite, i leictriú agus in idirnaisc trasteorann, agus chuir sí chun suntais go bhféadfaí infheistíochtaí san earnáil a spreagadh le cur chuige straitéiseach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta;

1.4. moltar, le Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide agus Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn an 11 Nollaig 2018, do na Ballstáit a machnamh a dhéanamh ar a scéimeanna tacaíochta a oscailt go deonach do rannpháirtíocht trasteorann bunaithe ar chomhaontuithe comhair chun cur lena n-iarrachtaí náisiúnta;

1.5. sainaithnítear i dTeachtaireacht COM(2018) 773 ón gCoimisiún dar teideal *A Clean Planet for all: A European long-term strategic vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy*: [Pláinéad Glan do Chách: Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach], agus go háirithe an mhionanailís a dhéantar inti chun tacú leis an Teachtaireacht, poitéinseal suntasach ó cheann ceann an Aontais chun toilleadh gaoithe amach ón gcósta a mhéadú ó 240 go 450 GW faoi 2050 i dteannta teicneolaíochtaí eile fuinnimh inathnuaite, chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach;

1.6. i dTeachtaireacht COM(2019) 640 ón gCoimisiún 'an Comhaontú Glas don Eoraip', luaitear go mbeidh ról lárnach ag foinsí inathnuaite fuinnimh don aistriú chuig fuinneamh glan san Eoraip agus go mbeidh méadú ar tháirgeadh fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ina bheart tábhachtach i ndáil leis sin, ag tógáil ar chomhar réigiúnach idir na Ballstáit, agus leagtar béim ann ar bhealaí chun leas a bhaint as poitéinseal an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe, gréine, tonnta, agus taoide ar snámh, go háirithe trí spás muirí an Aontais a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe;

1.7. i dTeachtaireacht COM(2020) 562 ón gCoimisiún maidir le dlús a chur le huaillmhian aeráide 2030 na hEorpa, cuirtear chun suntais an ról bunúsach atá ag an bhfuinneamh inathnuaite maidir le beart a dhéanamh de réir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus is gá foinsí inathnuaite fuinnimh a chur in úsáid ar scála níos mó chun cur le huaillmhian aeráide níos airde agus chun ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí inathnuaite a chur chun cinn;

1.8. aithnítear i dTeachtaireacht COM(2020) 299 ón gCoimisiún dar teideal *Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration* [Geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhtháthú Córais Fuinnimh] ról an fhuinnimh inathnuaite, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe amach ón gcósta chun an leictriú a mhéadú agus cuirtear in iúl ann go n-áiritheofar leis an Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta agus leis na gníomhaíochtaí leantacha rialála agus maoiniúcháin go ndéanfar fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a phleanáil agus a chur in úsáid ar bhealach costéifeachtach agus go neartófar ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta;

1.9. sa Teachtaireacht COM(2020) 741 uaidh dar teideal *An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate-neutral future* [Straitéis an Aontais maidir le leas a bhaint as poitéinseal an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta do thodhchaí aeráidneodrach], measann an Coimisiún go mbeidh gá le toilleadh suiteáilte 300 GW de ghaoth amach ón gcósta agus tuairim is 40 GW d'fhuinneamh aigéin faoi 2050 chun córas fuinnimh a thógáil a bheidh comhtháite, níos glaise, agus aeráidneodrach faoi 2050 agus cuireann sí chun suntais an poitéinseal mór atá ag teicneolaíochtaí inathnuaite eile amach ón gcósta atá ag céimeanna éagsúla aibíochta.

1.10. tacófar, a bhuí le glao an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ó Mheán Fómhair 2020 faoi Fís 2020, le feidhmchláir phíolótacha agus tionscadail taispeántais fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear fuinneamh aigéin, fuinneamh gaoithe (ar snámh) agus grianfhuinneamh amach ón gcósta;

1.11. an obair i ndáil le comhar réigiúnach maidir le fuinneamh inathnuaite, go háirithe fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, agus neartú na heangaí leictreachais atá á dhéanamh faoi chuimsiú na nithe seo a leanas:

- Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh agus dá dtagraítear i Ráiteas Comhpháirteach uaidh an 6 Iúil 2020 i dtaca leis an gcreat maidir le Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh,
- an Plean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach (BEMIP) agus dá dtagraítear go háirithe i nDearbhú Comhpháirteach Intinne an 30 Meán Fómhair 2020 maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta i Muir Bhailt[1],
- an Grúpa Ardleibhéil um Idirnaisc d'Iardheisceart na hEorpa agus
- an Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa (CESEC);

1.12. Meabhrán Split ó mhí an Mheithimh 2020 lena leagtar síos an cuspóir creat fadtéarmach comhair a chur ar bun chun an t-aistriú fuinnimh agus dícharbónú na n-oileán a chur chun cinn, agus sainiúlachtaí gach oileáin á n-urramú go hiomlán;

1.13. leis na conclúidí seo ón gComhairle, dírítear ar fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus ar fhuinneamh inathnuaite eile mar cheann de phríomhcholúin an dícharbónúcháin i gcomhthéacs níos leithne, agus aithnítear ag an am céanna go bhfuil gá le hiarrachtaí eile dícharbónúcháin;

[1] https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/signature_version_baltic_sea_offshore_wind.pdf

2. Á CHUR I dTÁBHACHT DI an méid seo a leanas

2.1. go n-imríonn cur in úsáid na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite uile ról fíorthábhachtach i spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach agus go gcuidíonn sin go mór le hAontas Eorpach atá aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050;

2.2. le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe agus grianfhuinneamh amach ón gcósta atá daingnithe agus ar snámh, fuinneamh tonnta, sruthanna agus taoidí, difreálach na ngrádán teirmeach agus salainn, téamh agus fuarú uisce sáile, fuinneamh geoiteirmeach, bithmhais mhuirí (algaí) mar aon leis an bhféidearthacht ardáin ola agus gháis atá ann cheana féin a thiontú ina n-ardáin fuinnimh inathnuaite, go bhféadfar cabhrú le leas a bhaint as poitéinseal an fhuinnimh inathnuaite ó fharraigí agus aigéin uile na hEorpa, ag tarraingt ar shlabhra soláthair uile-Eorpach; de bhrí gur teicneolaíocht sheanbhunaithe, a mhéid a bhaineann le huiscí éadoimhne, fuinneamh gaoithe amach ón gcósta atá daingnithe, i gcás roinnt Ballstát, is teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil gealladh fúithi an fuinneamh gaoithe amach ón gcósta atá ar snámh chun fuinneamh inathnuaite a chur in úsáid i limistéir ar doimhne na huiscí farraige. Leis na teicneolaíochtaí sin go léir, rannchuidítear le deiseanna gnó a chruthú do thionscail Eorpacha;

2.3. chomh maith le cur in úsáid náisiúnta fuinnimh inathnuaite, féadann comhar réigiúnach feabhsaithe agus tionscadail trasteorann i measc na mBallstát rannchuidiú leis an margadh inmheánach fuinnimh a chomhtháthú a thuilleadh agus cur in úsáid fuinnimh inathnuaite agus cur in úsáid fuinnimh inathnuaite agus bonneagar tarchuir leictreachais feabhsaithe ar fud an Aontais a fheabhsú a thuilleadh. Thairis sin, d'fhéadfadh sé glansochair a chur ar fáil do na Ballstáit rannpháirteacha go háirithe trí spriocanna fuinnimh inathnuaite náisiúnta agus an Aontais a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtúla má sháraítear dúshláin agus bacainní a bhaineann le comhar den chineál sin;

2.4. is féidir an comhar sin a bhaint amach trí fhoirmeacha éagsúla d'oscailt trasteorann dheonach scéimeanna tacaíochta náisiúnta don fhuinneamh inathnuaite, mar shampla tairiscintí comhpháirteacha agus scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha, lena n-áirítear i gcás stát talamhiata. Is féidir tionscadail trasteorann a éascú le Sásra nua Maoiniúcháin an Aontais don Fhuinneamh Inathnuaite i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Rialachais;

2.5. is rogha dheonach é an comhar trasteorann, lena n-áirítear tionscadail chomhpháirteacha agus hibrideacha, sa bhreis ar chur in úsáid náisiúnta fuinnimh inathnuaite a rinneadh chun spriocanna 2030 an Aontais maidir le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, mar a léirítear sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus a bhfuil gá leo le haghaidh uaillmhian athbhreithnithe 2030; is féidir na méideanna tacaíochta náisiúnta atá beartaithe a mhéadú a thuilleadh le leithdháileadh faoin tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta;

2.6. maidir le cur in úsáid luathaithe foinsí inathnuaite fuinnimh, chomh maith le hinfheistíocht mhéadaithe sa taighde agus nuálaíocht (T&N), agus uas-scálú an tslabhra luacha ar bhonn náisiúnta agus i dtionscadail réigiúnacha chomhair, is féidir leo cabhrú le margadh intíre Eorpach atá láidir agus iomaíoch le haghaidh teicneolaíochtaí inathnuaite amach ón gcósta a chruthú, a d'fhéadfadh cabhrú leis an Eoraip a ceannaireacht dhomhanda sna teicneolaíochtaí sin a leathnú agus a choinneáil ar scála tionsclaíoch;

2.7. is féidir ról tábhachtach a bheith ag comhar trasteorann maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta i dtaca leis na réimsí sin; go háirithe, leis na tionscadail sin a mhaoiníonn níos mó ná Ballstát amháin agus na tionscadail a nascann le níos mó ná Ballstát amháin (tionscadail chomhpháirteacha agus hibrideacha), d'fhéadfaí leas a bhaint as an bpoitéinseal le haghaidh cur in úsáid fuinnimh inathnuaite ar mhórscála agus barainneachtaí scála trí chostais chórais agus ceanglais spáis a laghdú, agus comhtháthú margaidh agus eangaí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta chomh maith le trádáil leictreachais a éascú;

2.8. agus an prionsabal maidir le tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht á chur san áireamh, is féidir le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite ról tábhachtach a imirt i ndáil le comhtháthú earnála, *inter alia*, tríd an nginiúint inathnuaite sa chóras fuinnimh a éascú go díreach tríd an eangach leictreachais nó trí rannchuidiú le giniúint hidrigine inathnuaite, go hairithe trí shuíomhanna breise fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bhearnú a bhuí leis an gcomhar trasteorann;

2.9. teicneolaíochtaí atá ann cheana a úsáid agus réitigh nuálacha a fhorbairt maidir le stóráil fuinnimh, lena n-áirítear leictreachas inathnuaite a thiontú ina hidrigin, d'fhéadfadh sin rannchuidiú le fuinneamh amach ón gcósta agus fuinneamh inathnuaite eile a chomhtháthú i gcóras fuinnimh na hEorpa, *inter alia* trí thacú le cobhsaíocht agus solúbthacht na n-eangach, agus trí fheabhas a chur ar an gcás gnó do tháirgeadh leictreachais inathnuaite;

2.10. rannchuideoidh athchóirithe lena gcuirfear feabhas ar infheistíochtaí in acmhainneachtaí giniúna fuinnimh inathnuaite leis an téarnamh eacnamaíoch as paindéim COVID-19 trí nuálaíocht, slabhraí luacha Eorpacha, fás tionsclaíoch, forbairt an gheilleagar ghlais agus fostaíochta ar fud an Aontais, chomh maith le hiomaíochas thionscail an Aontais a chothabháil; beidh comhar réigiúnach idir na Ballstáit ina fhachtóir tábhachtach chun a áirithiú go gcomhroinnfear na tairbhí sin go forleathan;

2.11 leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an bPlean maidir le Sprioc Aeráide tugtar deis uathúil cur chuige comhtháite maidir le beartais agus bearta a bheith ann, lena n-áirítear cur in úsáid náisiúnta fuinnimh inathnuaite agus comhar réigiúnach feabhsaithe idir na Ballstáit agus idir réigiúin maidir le fuinneamh inathnuaite, creat rialála iomchuí agus rialacha maidir le státchabhair, tacaíocht airgeadais leordhóthanach, gnéithe tionsclaíocha agus fáis, gnéithe an chomhtháthaithe shóisialta agus na fostaíochta, chomh maith le T&N;

2.12. tá ról méadaitheach á imirt ag an gcomhar idirnáisiúnta maidir le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus is féidir leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) é a éascú *inter alia*, trí mhion-anailís a dhéanamh ar an bpoitéinseal teicniúil agus ar na deiseanna eacnamaíocha, agus is féidir leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Inathnuaite (IRENA) agus le creat comhoibríoch an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta é a éascú freisin trí thíortha a thabhairt le chéile chun réimsí le haghaidh comhoibriú idirnáisiúnta a shainaithint agus glacadh an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a luathú;

## 3. I bhFIANAISE NA nDIFRÍOCHTAÍ GEOGRAFACHA LAISTIGH DEN AONTAS AGUS AIBÍOCHT THEICNEOLAÍOCH DHIFRIÚIL AN FHUINNIMH INATHNUAITE, TÁ AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL DI

3.1. ní mór an costas a bhaineann le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite a laghdú a thuilleadh, go háirithe i ndáil le margaí agus teicneolaíochtaí nach bhfuil chomh seanbhunaithe céanna (lena n-áirítear teicneolaíochtaí amach ón gcósta amhail gaoth shnámhach agus fuinneamh fótavoltach ar snámh agus gaoth amach ón gcósta i ndálaí thar a bheith fuar) agus na teicneolaíochtaí gaolmhara;

3.2. tá T&N agus tacaíocht taispeántais do theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta de chuid an Aontais nach bhfuil chomh seanbhunaithe céanna, chomh maith le forbairt an tslabhra soláthair, ríthábhachtach chun feabhas a chur ar a n-iomaíochas agus ar a gcumas nuálaíocht dhomhanda a spreagadh;

3.3. is dúshlán é cur in úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a chothromú le cuspóirí eile sa spás muirí agus is féidir le coincheapa ilúsáide le haghaidh cuspóirí éagsúla agus comhúsáid teicneolaíochtaí difriúla rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar chomhbhabhtáil spásúil agus sochair chomhshaoil a chur ar fáil;

3.4. chun fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, go háirithe gaoth amach ón gcósta, a chur in úsáid ar mhórscála, tá forbairt eangaí amach ón gcósta agus ar tír mór a mbeadh ardleibhéal glactha ag an bpobal agus tacaíocht pholaitiúil ó na Ballstáit ag teastáil ina leith riachtanach, agus ag an am céanna iarrachtaí ríthábhachtacha atá á ndéanamh ag oibreoirí córas tarchuir i ndáil leis sin á n-aithint; ina theannta sin, tá gá le hacmhainneacht leordhóthanach don chothromú chun eangach shábháilte, shlán a oibriú, e.g trí réitigh maidir le freagraí ar thaobh an éilimh nó trí stóráil;

3.5. tá dúshláin roimh roinnt pobal cósta agus oileán i gcomhrac an athraithe aeráide, maidir lena bpoitéinseal mór fuinnimh inathnuaite, a saintréithe comhshaoil agus socheacnamaíocha, amhail bithéagsúlacht mhuirí agus turasóireacht mhuirí agus chósta agus an ról atá ag na hoileáin agus pobail chósta chun treoirthionscadail d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta nach bhfuil chomh seanbhunaithe céanna a chur chun feidhme; tá ról speisialta ag na hoileáin agus na pobail chósta mar cheannródaithe sa dícharbónú agus iad ina saotharlanna i gcomhair treoirthionscadail le haghaidh teicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta chun éagsúlú foinsí agus teicneolaíochtaí inathnuaite a mhéadú agus ag an am céanna rannchuidiú le slándáil an tsoláthair i gcórais scoite;

## 4. D'FHONN COMHAR TRASTEORANN A BHAINT AMACH, Á THABHAIRT DÁ hAIRE AN MÉID A LEANAS

4.1. tá bacainní agus dúshláin shuntasacha roimh thionscadail chomhair trasteorann maidir le fuinneamh inathnuaite, nach féidir a shárú le comhaontuithe idir-rialtasacha déthaobhacha agus iltaobhacha (IGAnna) idir na Ballstáit i ndáil le tionscadail shonracha amháin;

4.2. i measc na mbacainní agus na ndúshlán atá roimh thionscadail inathnuaite trasteorann, tá na nithe seo a leanas mar shampla:

- costais idirbheart níos airde de bharr iarrachtaí agus éiginnteachtaí suntasacha maidir le comhordú polaitiúil, teicniúil agus dlíthiúil lena n-áirítear i gcás na gcéad tionscadal,

- an dúshlán leithdháileadh cothrom na gcostas agus na sochar a áirithiú ar fud na mBallstát rannpháirteach;
- cistiú agus maoiniú teoranta ar an leibhéal náisiúnta, agus go háirithe ar leibhéal an Aontais, chun bearnaí maoiniúcháin i dtionscadail náisiúnta agus trasteorann a chumhdach; go háirithe, maidir le tionscadail trasteorann, na bearnaí breise sa mhaoiniú a chumhdach, ar bearnaí iad a eascraíonn, *inter alia*, as leithdháileadh costas agus sochar a d'fhéadfadh a bheith neamhchothrom;
- nithe a bhaineann leis an aicmiú línte tarchuir trasteorann laistigh de thionscadail hibrideacha fuinnimh amach ón gcósta (lena gcomhcheanglaítear giniúint, tarchur agus trádáil) mar idirnascairí faoi rialacha mhargadh leictreachais an Aontais, an dúshlán ciorrúchán suntasach leictreachais ó ghiniúint fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a chosc laistigh de na tionscadail hibrideacha sin chomh maith lena chomhtháthú éifeachtach eangaí agus margaidh a áirithiú, agus comhroinnt chothrom na gcostas agus na sochar á háirithiú ag an am céanna;
- easpa ailínithe na gcaighdeán teicniúil (e.g. ar shoilse agus marcálacha ar thuirbíní gaoithe nó idir-inoibritheacht agus leibhéil voltais an trealaimh tarchuir);
- dúshláin eile a eascraíonn as gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint agus úsáidí eile an spáis mhuirí;

4.3. d'fhéadfaí an t-ailíniú idir pleanáil spásúil mhuirí agus pleanáil eangaí amach ón gcósta agus comhordú i measc na mBallstát a fheabhsú chun gur féidir úsáid éifeachtúil a bhaint as an spás muirí agus chun cur in úsáid tionscadal náisiúnta agus trasteorann fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a éascú;

4.4. is minic nach ndéantar pleanáil eangaí amach ón gcósta a idirnascadh go leor le naisc eangaí ar tír mór agus le hatreisithe na n-eangach inmheánach;

## 5. Á CHUR SAN ÁIREAMH DI

5.1. saoirse na mBallstát maidir lena meascán fuinnimh a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 194 CFAE, inniúlachtaí náisiúnta chun a n-eangacha náisiúnta leictreachais a fhorbairt lena n-áirítear idirnaisc, agus freagrachtaí náisiúnta maidir le forfheidhmiú agus maoirseacht rialála rialacha an mhargaidh leictreachais ar a gcríoch;

5.2. ceart na mBallstát a scéimeanna tacaíochta náisiúnta le haghaidh leictreachas ó fhoinsí inathnuaite a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, agus a gceart a chinneadh a mhéid a thacóidh siad le leictreachas ó fhoinsí inathnuaite a tháirgtear i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir (AE) 2018/2001;

**6. MAIDIR LE COMHAR EORPACH I bhFUINNEAMH INATHNUAITE I gCOITINNE, SAINAITHNÍONN SÍ AN GÁ ATÁ LEIS AN MÉID SEO A LEANAS**

6.1. an margadh inmheánach fuinnimh a chomhtháthú a thuilleadh, d'fhonn rannchuidiú freisin le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais, lena n-áirítear trí bhonneagar inmheánach agus trasteorann a fhorbairt agus idirnascacht fheabhsaithe i measc na mBallstát, *inter alia*, tríd an mbeartas i ndáil le gréasáin fuinnimh thras-Eorpacha agus tionscadail leasa choitinn agus trí reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur chun feidhme, chun tacú le méideanna fuinnimh inathnuaite atá de shíor ag dul i méid a chomhtháthú i margadh leictreachais na hEorpa agus chun trádáil agus comhar trasteorann a éascú;

6.2. laghdú ar chostais idirbheart chun IGAnna déthaobhacha agus iltaobhacha a thabhairt i gcrích idir na Ballstáit i dtaca le tionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann trí roghchlár a chur ar fáil do shamhlacha ábhartha comhair i ndáil le scéimeanna tacaíochta náisiúnta a oscailt go deonach lena n-áirítear an rogha scéim tacaíochta chomhpháirteach a bhunú mar aon le 'treoirphlean' lena gcuimsítear príomheilimintí na gcomhaontuithe sin, chun tacú leis na Ballstáit lena n-áirítear tíortha talamhiata sa phróiseas comhair;

6.3. comhordú idir measúnú costais is tairbhe agus leithdháileadh costas trasteorann le haghaidh tionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann, lena n-áirítear tionscadail chomhpháirteacha agus hibrideacha fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, chun na costais agus na tairbhí ábhartha uile a chur san áireamh. Féadfar a áireamh orthu sin, *inter alia*, sochair ó spriocmhéideanna fuinnimh inathnuaite, costais le haghaidh tacaíocht don fhuinneamh inathnuaite, comhtháthú margaidh, (idir)nasc eangaí agus atreisiú agus comhtháthú eangaí;

6.4. úsáid níos fearr agus níos éifeachtaí a bhaint as cistí ón Aontas atá ann cheana chun cur i gcrích tionscadal fuinnimh inathnuaite trasteorann a éascú mar aon le cur in úsáid an fhuinnimh inathnuaite náisiúnta trí mheán príomhionstraimí de chuid an Aontais amhail Sásra nua Maoiniúcháin an Aontais don Fhuinneamh Inathnuaite, ionstraimí eile an Aontais amhail InvestEU agus scéimeanna maoiniúcháin le haghaidh tionscadail nuálacha de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) 2021-2027 agus an líne nua chistiúcháin uaithi lena ndíreofar ar thionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann; go háirithe, inoibritheacht ghasta agus leachtacht leordhóthanach, ó na foinsí atá ann cheana, fheidhm chumasúcháin Shásra Maoiniúcháin an Aontais don Fhuinneamh Inathnuaite chun tacú le tionscadail fuinnimh inathnuaite agus comhar réigiúnach a fheabhsú trí bhearnaí maoiniúcháin i dtionscadail chomhpháirteacha a chumhdach, ar bearnaí iad a thagann chun cinn, *inter alia*, de dheasca leithdháileadh éagothrom costas agus sochar idir na Ballstáit;

6.5. creat státchabhrach athbhreithnithe chun tacú le fuinneamh inathnuaite atá i gcomhréir le treoracha agus rialacháin an phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus lena n-éascaítear baint amach na spriocanna aeráide agus fuinnimh do 2030 i bhfianaise Phlean an Aontais maidir le Sprioc Aeráide agus an chuspóra Aontas Eorpach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, agus lena dtacófar, sa chaoi sin, le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite, lena n-áiritheofar deimhneacht d'infheisteoirí agus go mbeidh glacadh ag an bpobal leis an tacaíocht riachtanach, agus lena gcumasófar T&N a chur chun cinn agus taispeántais mhórscála teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí nuálacha;

6.6. infheistíochtaí in T&N ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, bunaithe ar chlár oibre uile-Aontais do T&N mar a forbraíodh sa Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET) atá le nuashonrú chun an uaillmhian atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip a léiriú chomh maith le ról an fhuinnimh inathnuaite sa chomhaontú sin, trí Ghlao an Chomhaontaithe Ghlais faoi Fís 2020 agus na cláir oibre atá ar na bacáin do 2021 agus 2022 mar chuid de Fís Eorpach;

6.7 tacú leis an bpróiseas dícharbónúcháin i gcórais leictreachais atá faoi mhíbhuntáiste, iargúlta nó oileánach imeallach amhail oileáin nó na réigiúin is forimeallaí, lena n-áirítear na limistéir iargúlta cois cósta, a bhainfidh tairbhe as cur in úsáid na dteicneolaíochtaí éagsúla amach ón gcósta trí thacaíocht spriocdhírithe a cheapadh a chuirfidh a gcás sonrach san áireamh.

7. **MAIDIR LE TIONSCADAIL FUINNIMH INATHNUAITE AMACH ÓN gCÓSTA, GO hÁIRITHE, SAINAITHNÍONN SÍ GO dTEASTAÍONN AN MÉID SEO A LEANAS**

7.1. cur chuige cuimsitheach a fhágann gur féidir le cur in úsáid tionscadail fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus slabhraí luacha teicneolaíochta ar bhonn náisiúnta agus trasteorann a bheith fabhrach d'fhís fhadtéarmach, lena ndéanfar tosca teicneolaíocha, socheacnamaíocha agus comhshaoil a chomhchuibhiú le huaillmhian an Aontais ó thaobh na haeráide de, go háirithe trí hionstraimí a thacaíonn le gach cineál fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus a chumhdaíonn geografaíocht éagsúil an Aontais, na réigiúin mara uile san áireamh;

7.2. cur leis na fóraim atá ann cheana agus féachaint ar roghanna le haghaidh comhordú níos fearr i measc na mBallstát maidir le pleanáil spásúil mhuirí in imchuacha farraige difriúla san Eoraip agus sna limistéir ábhartha Atlantacha chun úsáid éifeachtúil inbhuanaithe a bhaint as an spás muirí, gan dochar do fhreagrachtaí náisiúnta; cur chuige iomlánaíoch cuimsitheach maidir leis an úsáid a bhaintear as an spás muirí agus bainistiú an spáis sin, agus na pleananna spásúla muirí á gcur san áireamh agus roghanna ilúsáide a mholadh, go háirithe chun a áirithiú go dtabharfar cosaint comhshaoil don éiceachóras muirí agus go mbeidh glacadh ag an bpobal leis sin, agus chun go bhféadfar úsáidí difriúla a bhaint as an spás muirí chun comhsheasmhacht a áirithiú le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais amhail Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus an Comhbheartas Iascaigh;

7.3. níos mó taighde a dhéanamh chun cur leis an eolas ar an gcomhshaol muirí agus imirce éan agus feabhas a chur ar an gcomhar i measc na mBallstát maidir leis na hábhair sin trí shonraí, dea-chleachtais agus taithí a mhalartú;

7.4. féachaint ar roghanna le go mbeidh comhordú níos fearr idir pleananna spásúla muirí agus pleanáil eangaí amach ón gcósta ar an leibhéal Eorpach, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear nasc ar tír mór le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, gan dochar d'fhreagrachtaí agus do chearta náisiúnta, chun cur in úsáid fuinnimh inathnuaite ar mhórscála a éascú ar fud an Aontais;

7.5. pleanáil chomhtháite náisiúnta eangaí amach ón gcósta agus ar tír mór mar aon le comhordú níos fearr i measc na mBallstát, go háirithe maidir le pleanáil fhadtéarmach eangaí amach ón gcósta agus, i gcás inar gá, mar a fhormheasfaidh an Ballstát ábhartha, lena n-áirítear treisiú na n-eangach inmheánach, a bheidh bunriachtanach chun fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a chur in úsáid ar bhealach costéifeachtúil agus na himthosca éagsúla sna Ballstáit á gcur san áireamh; sa chomhthéacs sin, is gá an comhordú réigiúnach a fheabhsú chomh maith i bpleanáil bonneagair iompróirí fuinnimh éagsúla chun iompar hidrigine inathnuaite ó fhoinsí leictreachais inathnuaite amach ón gcósta a éascú;

7.6. tuiscint níos críochnúla agus anailís níos doimhne ar na dúshláin ag féachaint do línte tarchuir sna tionscadail hibrideacha i gcoitinne, agus go háirithe, ag féachaint do na himpleachtaí iomadúla a bhaineann leis na línte tarchuir trasteorann sin a aicmiú mar idirnascairí faoi rialacha reatha mhargadh leictreachais an Aontais agus faoi choincheapa féideartha le haghaidh socruithe margaidh;

7.7. ar an mbonn sin, beidh gá le réiteach maidir le socruithe don mhargadh leictreachais ar leibhéal an Aontais lenar féidir tionscadail comhpháirteacha agus hibrideacha fuinnimh amach ón gcósta a chur i gcrích go tapa agus lena n-áiritheofar go n-úsáidfear acmhainní eangaí agus margaidh go héifeachtúil agus go ndéanfar leictreachas inathnuaite amach ón gcósta a chomhtháthú go héifeachtach sa mhéid a bhaineann leis an eangach agus an margadh; sa chomhthéacs sin, ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar éifeachtaí dáileacháin ar chostais agus ar shochair i gcás na ngníomhaithe margaidh agus na mBallstát, ar na hiarmhairtí do scéimeanna tacaíochta náisiúnta don fhuinneamh inathnuaite agus ar éiginnteachtaí dlíthiúla chun infheistíocht éifeachtúil a chumasú san fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta; ba cheart oibriú slán costéifeachtach an chórais leictreachais a áirithiú le haon réiteach;

7.8. díriú ar T&N níos fearr ar fud an Aontais agus ar chomhordú i measc na mBallstát i ndáil leis sin ar mhaithe le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nach bhfuil chomh seanbhunaithe céanna amhail gaoth ar snámh amach ón gcósta, chomh maith le gaoth amach ón gcósta i ndálaí thar a bheith fuar, grianteicneolaíocht ar snámh agus fuinneamh tonnta, sruthanna agus taoidí, chun costais na dteicneolaíochtaí a laghdú agus tacú lena gcur in úsáid, chomh maith le léargas ar na príomhtheicneolaíochtaí eangaí atá riachtanach do chórais chomhtháite fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta;

7.9. féachaint ar na roghanna atá ann le haghaidh ailíniú níos fearr idir caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla na gcomhpháirteanna a úsáidtear i nginiúint agus i dtarchur fuinnimh gaoithe (daingnithe agus ar snámh) chun slabhra soláthair uile-Eorpach níos mó a uas-scálú. D'fhéadfadh ailíniú den sórt sin comhpháirteanna i dteicneolaíochtaí fuinnimh aigéin eile a chuimsiú freisin, eadhon teicneolaíochtaí taoide agus tonnta, a mhéid is féidir, rud a chuirfeadh le laghdú costas sna hearnálacha sin;

8. **IS DÍOL SÁSAIMH DI AN STRAITÉIS FUINNIMH INATHNUAITE AMACH ÓN gCÓSTA ÓN gCOIMISIÚN** mar bhunús tábhachtach do na pléití leis na Ballstáit agus d'obair bhreise ar leibhéal an Aontais chun poitéinseal teicneolaíoch agus fisiciúil fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a bhearnú, rud a bheidh fíorthábhachtach chun spriocanna fuinnimh agus aeráide na hEorpa do 2030 a bhaint amach chun go mbeidh sí aeráidneodrach faoi 2050.

9. **IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN** a áirithiú go ndéanfar obair leantach go pras maidir leis na conclúidí sin agus straitéis an Aontais maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, i bhfianaise na n-iarrachtaí breise a mbeidh gá leo chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach trí bhíthin togra a ullmhú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit le haghaidh creat cumasúcháin ar leibhéal an Aontais do thionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann agus náisiúnta ábhartha eile, lena dtabharfar aghaidh ar na riachtanais a shainaithnítear faoi mhíreanna 6 agus 7, lena n-áirítear, *inter alia*:

9.1. treoir maidir le comhaontaithe idir-rialtasacha déthaobhacha agus iltaobhacha a thabhairt i gcrích i ndáil le tionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann, lena n-áirítear treoirphlean le haghaidh comhaontuithe mar sin, treoir maidir le samhlacha ábhartha comhair i ndáil le scéimeanna tacaíochta náisiúnta a oscailt go deonach, tairiscintí comhpháirteacha agus scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha san áireamh, agus treoir maidir le hanailís costais is tairbhe agus leithdháileadh costais trasteorann, agus comhordú eatarthu, le haghaidh tionscadail trasteorann;

9.2. forléargas ar ionstraimí maoiniúcháin ábhartha an Aontais in éineacht le togra le haghaidh úsáid níos fearr agus níos éifeachtaí a bhaint as na cistí atá ag an Aontas cheana ag príomhionstraimí an Aontais chun tionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann agus náisiúnta a chur i gcrích trí chistiú na n-ionstraimí ábhartha a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais, go háirithe feidhm chumasúcháin Shásra Maoiniúcháin an Aontais don Fhuinneamh Inathnuaite, ag cur leis an bPlean Eorpach don Téarnamh;

9.3. treoir maidir leis an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhordú i measc na mBallstát sa phleanáil spásúil mhuirí agus sa phleanáil eangaí amach ón gcósta, lena n-áirítear forbairt eangaí ar tír mór agus nascadh fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, agus treoir maidir le caighdeáin theicniúla;

9.4. a mhéid a bhaineann le tionscadail hibrideacha fuinnimh amach ón gcósta, anailís níos críochnúla agus níos cuimsithí a dhéanamh ar na himpleachtaí agus ar na coincheapa a leagtar amach in 7.6, *inter alia* le háireamh i measúnú tionchair a bhaineann le forálacha ábhartha reachtaíochta an Aontais, agus leo sin amháin, agus an chaoi a bhféadfaí na forálacha sin amháin a oiriúnú do thionscadail hibrideacha den sórt sin, i gcreat infheistíochta dlíthiúil cobhsaí, lena n-áiritheofaí feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus na coinníollacha le haghaidh giniúint agus comhtháthú leictreachais le go bhféadfaí na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach a éascú; measúnú ar an gcaoi a bhféadfaí na tionscadail hibrideacha agus an tsolúbthacht leordhóthanach i ndáil le roghanna difriúla agus nuálacha a thástáil a chur i gcrích go tapa idir an dá linn agus togra, bunaithe ar an anailís sin agus ar an taithí leis na tionscadail hibrideacha, le haghaidh réiteach fadtéarmach a bheadh ag teacht leis na heilimintí a leagtar amach in 7.7;

9.5. tacaíocht a thabhairt do T&N i nginiúint fuinnimh inathnuaite agus i dteicneolaíochtaí eangaí chomh maith le teicneolaíochtaí le haghaidh comhtháthú eangaí, lena n-áirítear stóráil, i gcláir oibre Fís Eorpach do 2021 agus 2022, lena n-áirítear glaonna saincheaptha a chuireann sainiúlachtaí teicneolaíocha agus geografacha na mBallstát uile san áireamh, agus taighde eolaíoch treisithe ar an tionchar carnach ar an muirthimpeallacht agus ar imirce agus ar chiorclaíocht éan d'aon ghnó agus nuashonrú ar Phlean SET chun léargas a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le fuinneamh inathnuaite, go háirithe amach ón gcósta, chun comhar agus malartú feabhsaithe a éascú i measc na mBallstát maidir leis na hábhair sin;

9.6 chun Fóram Eorpach um Fhuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta a chruthú a thabharfaidh na Ballstáit, na húdaráis rialála agus na geallsealbhóirí ábhartha le chéile, chun comhar réigiúnach agus malartú dea-chleachtas i réimse fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a chothú.